5

Focail Dheacra

	Lch
inlíochtaí	45
liomóg ar an daoraí ábhar faoisimh	46
cuibhreann ruaig meaisínghunnaí	48
maoithneach misneach	49
fuarchúiseach *prima donna* urchair	51
marc-chlaíomh ceansa	52
lonrach dreach an t-eagar catha	53
muin buaicphointe glaoch an bhuabhaill fuadar	54
niamhrach gearrshodar ardú meanman	55
diongbháilte roic ina mhálaí láthair 'an namhad' faichilleach go maorga	56
inneach	57

Frásaí

	Lch
"Ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí"	50

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é an t-athrú a tháinig ar Joey i ndiaidh dó an fheirm a fhágáil?
2. Ainmnigh dhá rud a chronaigh Joey faoina sheansaol.
3. Cén chuma a bhí ar an Cheannaire Samuel Perkins?
4. Cén fáth a raibh eagla ar na hoifigigh roimh an Cheannaire Samuel Perkins?
5. Cén cuairteoir a tháinig chuig Joey gach tráthnóna?
6. Ainmnigh dhá chosúlacht idir Joey agus an Captaen Nicholls.
7. Cad é a chreideann cuid de na saighdiúirí faoin dóigh le cogadh a bhaint?
8. Cad é an rud ba mhó a chronaigh Joey faoina sheansaol i ndiaidh tamaill?
9. Ainmnigh an dá rud is mó is cuimhin le Joey faoin inlíocht dheireanach.
10. Cad é an t-ainm a bhí ar chapall an Chaptaein James Stewart?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén dearcadh atá ag an Chaptaen Nicholls faoin chogadh nach bhfuil ag an chuid is mó de na saighdiúirí?
2. Cad é mar a léiríonn an Captaen Nicholls go bhfuil sé dílis do Joey?
3. An bhfuil an ceart ag an Cheannaire Samuel Perkins nár oileadh Joey mar ba chóir, dar leat?
4. Cad é a deir an Captaen Nicholls leis an Cheannaire Samuel Perkins a thugann le fios dúinn nach bhfuil na saighdiúirí réidh don chogadh?
5. Nuair a labhraíonn an Ceannaire Samuel Perkins arís tá meas úr le cluinstin ina ghlór. Cén fáth dar leat?
6. Cad é a thugann le fios dúinn go bhfuil Joey socraithe isteach sa tsaol úr?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Bhí meas ag Joey ar an Cheannaire Samuel Perkins ach dúirt sé go raibh sin bunaithe ar eagla agus ní ar ghrá. Cad é an difear idir meas bunaithe ar eagla agus meas bunaithe ar ghrá?
2. Faigh amach an chiall litriúil atá leis an téarma 'prima donna' agus mínigh an chiall atá leis.
3. Cé aige a bhfuil an capall is fearr, dar leat – ag an Chaptaen Nicholls nó ag an Chaptaen James Stewart?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Saibhreas Teanga

Úsáidtear an focal ‘dearg-ghráin’ ar leathanach 45 le béim a chur ar an ghráin a bhí ag Joey ar na rialacha nua. Aimsigh cúig fhocal eile san fhoclóir (**www.teanglann.ie/ga/fgb**) ina n-úsáidtear an focal ‘dearg’ ar an dóigh chéanna. Aimsigh cúig fhocal eile ina n-úsáidtear an dath dubh le béim a chur ar an fhocal, mar shampla ‘dubheagla’.

teanglann.ie

Gníomhaíocht 2: Stair

Rinneadh tagairt don Bhriogáid Éadrom ag Balaclava. Tharla sin 60 bliain roimh an Chéad Chogadh Domhanda. Aimsigh eolas faoin rud a tharla don Bhriogáid Éadrom ag Balaclava. An raibh baint aige sin leis na rudaí a thit amach in 1914?